# Coláiste na hOllscoile Corcaigh
# University College Cork
# National University of Ireland, Cork

## Quality Improvement/Quality Assurance

## Tuairisc an Phiarghrúpa Athbhreithnithe

## Ionad na Gaeilge Labhartha

## Bliain Acadúil 2003/04

**26 Aibreán 2004**

<u>**Réamhrá**</u>

**Baill an Choiste**

1. An tOllamh Niall Ó Murchadha, Roinn na Fisice, COC (Cathaoirleach)
2. An Dr Dónal Ó Muirthile, Roinn na Matamaitice COC
3. Peadar Mac an Iomaire, Stiúrthóir, Ionad na Gaeilge Labhartha, OEG
4. An Dr Seán Farren

**Amchlár an Turais ar an Ionad**

Tá amchlár an turais ar an Ionad istigh i bhForoinn A. Tá an Coiste Iniúchtha an-bhuíoch as an tslí éifeachtach ar eagraigh an Oifig Feabhais an turas ar fad. Táimid an-bhuíoch freisin as an seans a fuaireamar bualadh le raon leathan ionadaithe de na daoine éagsúla a ghlacann páirt in imeachtaí an Ionaid agus le roinnt d'Údaráis COC atá bainteach leis an Ionad.

**Baill an Choiste agus a nGnó**

1. An tOllamh Niall Ó Murchadha, Roinn na Fisice, COC (Cathaoirleach)
   - Cathaoirleach agus Comhordanóir an Phróisis Measúnúnaithe Feabhais. Scríobh an leagain Ghaeilge.
2. An Dr Dónal Ó Muirthile, Roinn na Matamaitice COC
   - Scríobh an leagain Bhéarla. Gnéithe den measúnú atá bainteach le gníomhaíochtaí sna Gaeltachtaí.
3. Peadar Mac an Iomaire, Stiúrthóir, Ionad na Gaeilge Labhartha, OEG
   - Gnéithe den measúnú atá bainteach le pleanáil straitéiseach agus le comhoibriú le haonaid sheachtracha.
4. An Dr Seán Farren

- Gnéithe den measúnú atá bainteach le cúrsaí.

## Turas ar an Láthair

Thug an coiste turas ar oifigí agus láthair an Ionaid in Áras Uí Rathaille agus ar Ionad Cónaithe Gaeilge na Mac Léinn i mBrú na Laoi.

- Ag oifigí an Ionaid agus sa spás múinteoireachta, bhíomar an-bhuartha faoin easnamh spáis is léir ann. Tá gach oifig, agus an seomra múinteoireachta, á n-úsáid do scata gníomhaíochtaí. Cuireann seo bac mór ar fhorbairt raon leathan de ghníomhaíochtaí an Ionaid.
- I mBrú na Laoi, bhíomar tógtha leis an dea-struchtúr atá ar an áit do na mic léinn i dteannta a chéile, sa treo is go gcruthaíonn siad mion-Ghaeltacht san Ollscoil.

## Anailís in Iomláine

- **An Féin-Mheasúnú**
  Bhí an doiciméad curtha i gceann a chéile go cruinn agus go beacht. Is léir gur caitheadh an-dua lena ullmhú. Thug sé cuntas iomlán agus cruinn ar na himeachtaí go léir atá faoi chúram an Ionaid. Léirigh sé go soiléir na deacrachtaí a leanann an t-easnamh foirne agus spáis atá ar an Ionad.

- **Anailís Ghinearálta**
  Bhí baill an Choiste an-tógtha leis an Ionad agus leis an bhfoireann ann. Soláthraíonn siad raon an-leathan imeachtaí do mhuintir COC ar fad a chaomhnaíonn agus a fhorbraíonn úsáid na Gaeilge sa choláiste. Múintear na cúrsaí teangan ag foireann atá oilte agus dúthrachtach i slí atá thar a bheith proifisiúnta. Pé dul chun cinn atá déanta ag polasaí dátheangach an choláiste seo tá formhór na creidiúna ag dul don Ionad. Ina theannta san, tá ról thar a bheith mór aige ag tacú le Gluaiseacht na Gaeilge sa phobal. Tá seo ar na

gníomhaíochtaí is mó atá ag leathnú amach sa phobal ó COC. Cuireann sé go mór leis an meas agus an luach a thugann an pobal i gcoitinne do COC.

Leis na mothúcháin seo, tá an Coiste go láidir den tuairim go bhfuil géarghá le pleanáil straitéiseach. Is trua nach raibh an phleanáil seo le feiceáil go soiléir san fhéinmheasúnú. Ar an dtaobh eile, sna hagallaimh le muintir an Ionaid ba shoiléir go raibh plé éigin i measc na foirne agus go bhfuil smaointe acu faoi ghnásanna oibre an Ionaid a fhorbairt. Mhothaíomar go raibh an fhoireann chomh gafa lena gcuid oibre laethúil nach raibh mórán ama fágtha chun tabhairt faoi na cruinnithe agus na díospóireachtaí straitéiseacha foirmeálta is gá chun an tIonad a fheabhsú agus a fhorbairt. I dtaobh leis sin, mothaímid go bhfuil roinnt den fhoireann ag obair ró-chruaidh agus go bhfuil baol ann go rachaidh siad ó mhaith.

- **Eiseamláir**
  Feicimid go bhfuil a chomh-Ionad in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roghnaithe ag Ionad na Gaeilge Labhartha mar eiseamláir. Tá seo an-oiriúnach mar tá na dualgaisí céanna ar an dá Ionad agus tá siad in Ollscoileanna atá ar chomh-mhéid. Tuigeann an Coiste freisin gur mó i bhfad foireann na Gaillimhe agus go bhfuil siad go mór chun cinn ó thaobh spáis agus fearais.

## Gníomhaíochtaí

Is soiléir don Choiste ón Measúnú Feabhais agus ós na cruinnithe a bhí againn go bhfuil Ionad na Gaeilge Labhartha gafa i raon thar a bheith leathan de ghníomhaíochtaí i gCOC agus sa saol lasmuigh atá ag cur úsáid na Gaeilge chun cinn agus ag tacaíocht léi. Orthu siúd tá soláthar cúrsaí do mhic léinn na hOllscoile, d’fhoireann na hOllscoile, agus don phobal i gcoitinne. Chomh maith leis sin, tá an tIonad gníomhach sa Ghaeltacht agus ag obair le Gaelscoileanna agus Meánscoileanna na Mumhan. Ina theannta san eagraíonn siad an tIonad Cónaithe Gaeilge agus an Seomra Caidrimh atá mar lárionad d’imeachtaí Gaeilge na hOllscoile. Soláthraíonn siad seirbhís aistriúcháin don ollscoil agus don phobal.

## 1. Cúrsaí

*Cúrsaí do Thosnaitheoirí*

Tá na cúrsaí seo ar fáil do mhic léinn agus d'fhoireann na hOllscoile ná fuil aon Ghaeilge acu agus dóibh siúd gur mian leo athnuachan a dhéanamh ar a gcuid Gaeilge. Leagtar béim ar obair bhéil agus baintear úsáid leathan as ríomhairí agus as áiseanna closamhairc sna ranganna. Tugann turas don Ghaeltacht agus aoiléachtóirí blas dóibh ar ghnéithe eile de chultúr na hÉireann.

Óna bhfuil cloiste againn ó mhic léinn is soiléir go bhfuil na mic léinn eachtrannacha an-bhuíoch as seans chun buntuiscint a fháil ar an nGaeilge agus ar chultúr na hÉireann. Molann siad go hard a phroifisiúnta atá na cúrsaí. Tá an scéal céanna cloiste againn ó gach grúpa ar bhuaileamar leis.

*Dioplómaí*

Tá dhá dhioplóma á dtairiscint ag an Ionad faoi láthair, `An Ghaeilge Fheidhmeach' agus `An Dioplóma i bhFoghlaim agus i Múineadh Ríomhchuidithe na Gaeilge'. Cúrsaí dhá bhliain páirtaimseartha iad araon agus a n-aidhmeanna (mar a deir an Measúnú Feabhais) ná `oiliúint sa Ghaeilge idir labhairt agus scríobh a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas an mhic léinn a g(h)nó gairmiúil a chur i gcrích go héifeachtach trí mheán na Gaeilge.' Agus `Tá sé dírithe orthu siúd atá ag múineadh na Gaeilge féin nó ag múineadh ábhair eile trí mheán na Gaeilge i meánleibhéal an oideachais.' faoi seach. Is soiléir go bhfuil ag éirí thar barr leis an dá chúrsa agus go gcuireann siad go mór le gníomhaíocht oideachais leanúnaigh COC.

*Cúrsaí Oíche*

Seo cúrsaí a chuirtear ar fáil don phobal i gcoitinne. Mar a deir an Measúnú Feabhais: `Is í aidhm an chúrsa a chur ar chumas an fhoghlaimeora comhrá a dhéanamh gan dua sa Ghaeilge agus … cruinneas labhartha a chothú…' Tá ag éirí chomh maith leis na cúrsaí seo go bhfuil na heagraíochtaí Gaeilge go léir i gcathair Chorcaí tar éis éirí as a leithéid de chúrsaí a thairiscint. Dá bharr sin, tá ról straitéiseach tábhachtach á imirt ag an Ionad i

bhforbairt na Gaeilge sa chathair (agus máguaird) tríd na cúrsaí seo a thairiscint agus tríd an tacaíocht eile a thugann sé do ghluaiseacht na Gaeilge.

*Cúrsaí Proifisiúnta*

Tá dhá chúrsa tosnaithe ag an Ionad le gairid chun cabhair a thabhairt do lucht proifisiúnta a gcuid oibre a dhéanamh tré Ghaeilge. Tá cúrsa amháin dírithe ar iriseoirí agus an ceann eile ar lucht ríomhaireachta.

2. **Brú na Laoi agus gníomhaíochtaí le Mic Léinn**

Tá an tIonad thar a bheith gníomhach ag gríosadh agus ag tacú le gníomhaíochtaí tré Ghaeilge i measc na mac léinn. Tá mionGhaeltacht á cruthú acu san Ionad Cónaithe Gaeilge do 26 dalta i Castlewhite Apartments. Ina theannta san, tugann siad an-tacaíocht do thrí cumainn Ghaeilge sa Choláiste; an Chuallacht, an Cumann Drámaíochta, agus an Cumann Ceoil Thraidisiúnta. Bhuail ionadaithe de chuid na dtrí chumann seo leis an mbord measúnaithe. Dúradar go raibh an-chabhair á fáil acu ón Ionad agus go rabhadar ag brath go mór ar an gcabhair seo.

3. **Gaeltacht, Meánscoileanna agus Gaelscoileanna**

Tá an tIonad gafa go mór le Gaeltacht Chorca Dhuibhne tríd na gníomhaíochtaí atá lonnaithe i nDún Chíomháin cosúil leis na turais deire seachtaine agus Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta. Cinntíonn na gníomhaíochtaí seo go bhfuil an ceangal idir COC agus an Ghaeltacht is láidre sa Mhumhain beo agus ag cabhrú leis an dá thaobh.

Tá an tIonad gafa leis an meánleibhéal agus leis an mbunleibhéal san oideachas. Ritheann an tIonad Scéim na Scol mar thacaíocht do na meánscoileanna lán-Ghaeilge sa Mhumhain. Ritheann seo comhthreomhar leis an `Schools' Liaison Programme' agus deineann sé fógraíocht faoi COC i gcoitinne agus go háirithe dírithe ar shaol Gaelach an Choláiste.

Ina theannta san, tugann an tIonad cabhair do na gaelscoileanna freisin le scéimeanna ar nós Scoláireacht Uí Ríordáin.

4. **An Seomra Caidrimh**

Tá an Seomra Caidrimh ina Larionad Gníomhaíochtaí tré Ghaeilge i COC.  I measc na ngníomhaíochtaí eile, úsáidtear é mar sheomra coiteann don fhoireann, áit chruinnithe do chumainn Ghaelacha na mac léinn, láthair do léachtaí as Gaeilge 7rl.  Mar sin is féidir a rá gur lárionad é do ghníomhaíochtaí uile an Choláiste.  Tré chúram a ghlacadh don Seomra Caidrimh, tá an tIonad ag ceadú idirpháirtíocht agus comhnascadh réidh idir Ghníomhaíochtaí uile Gaeilge an Choláiste.

# Moltaí

### Foireann

Is soiléir don Choiste ón Measúnú Feabhais a léamh agus ó na hagallaimh a cuireadh ar bhaill an Ionaid go bhfuil an-deacracht ag dul leis an raon an-leathan gníomhaíochtaí atá faoina gcúram a choimeád sa tsiúl.  Feicimid go bhfuil baol mór ann go dteipfidh go hiomlán ar an gcúram de bharr easpa foirne.  Ina theannta san, le teacht Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) cuirfear go mór lena n-obair.  Dá bharr sin, is riachtanach go dtabharfaidh COC aghaidh ar mhéadú fhoireann an Ionaid láithreach.

*Moladh 1*

> **Buanú an dá phost lánaimseartha neamhbhuana, an cúntóir sinsearach ríomhaireachta, agus an teagascóir-riarthóir sa Ghaeilge Fheidhmeach.  Ina theannta san, caithfear breis eile foirne a sholáthar mar gheall ar an mórobair bhreise a thiocfadh de thoradh *Acht na dTeangacha Oifigiúla* (2003).**

### Spás

Inár dturas ar oifigí an Ionaid agus ar an tsaotharlann, bhí an Coiste an-tógtha leis an tslí shár-éifeachtach ina raibh an beagán spáis á úsáid.  Tá il-úsáid á baint as gach seomra.  Tá an seomra múinteoireachta á úsáid mar shaotharlann teanga, mar stóras, agus mar sheomra cruinnithe.  Tá oifig á roinnt idir bheirt den fhoireann agus í á úsáid freisin mar aonad Teicneolaíocht Eolais (IT) agus mar stóras.  Is mór a chuireann ilúsáid seo na seomraí le deacrachtaí an Ionaid i múineadh a gcúrsaí ar fad.

*Moladh 2*

> **Is gá riachtanais spáis an Ionaid a shásamh i gceart ar bhonn na práinne sa tslí gur féidir leis a ghníomhaíochtaí teagaisc agus oiliúna a chur ar fáil saor ó bhac agus na gníomhaíochtaí seo a fhorbairt i dteannta na ngníomhaíochtaí nua a bheidh air a chur ar bun go luath. Tá gá go háirithe leis an dara seomra teagaisc, saotharlann ríomhaireachta, agus spás breise oifige agus stórála. Tá gá freisin le seomra coiteann mac léinn.**

**Foireann an Ionaid**

Bhí an Coiste an-tógtha le dúthracht, scil, agus dul-chun-cinn fhoireann an Ionaid. Tá fís acu i dtaobh conas is féidir na gníomhaíochtaí atá ar siúl faoi láthair a fheabhsú agus cur leo. Ardaíodh ceisteanna faoi thaighde i modhanna múinte, agus plé le daoine agus le haonaid eile atá ag saothrú an ghoirt chéanna. Is fíorthábhachtach é seo a bhrú ar aghaidh.

*Moladh 3*

> **Inár dtuairim is sárthábhachtach go ndéanfar taighde mar thacaíocht don teagasc agus mar sin is riachtanach go dtabharfar aitheantas agus deiseanna don fhoireann gur suim leo dul agus taighde a dhéanamh. Is gá tréimhsí saoire agus sabóide a chur ar fáil ar mhaithe le taighde agus feabhas gairmiúil. Ba chóir smaoineamh ar chumann gairmiúil a bhunú san ábhar le seans a thabhairt do na baill foirne as na láithreacha éagsúla teacht le chéile d'fhonn forbairt ghairmiúil agus aistriú eolais a dhéanamh.**
>
> **Is gá leanúint leis an obair atá ar siúl san Ionad i bhforbairt cúrsaí agus ábhair theagaisc. Tá gá le comhoibriú idir an tIonad agus institiúidí eile (a chomhionaid sna hOllscoileanna eile ach go háirithe) ar mhaithe le forbairt acmhainní teagaisc.**

**Cúrsaí**

Tá an tIonad le moladh as an raon leathan cúrsaí atá á mhúineadh acu agus as an tslí phroifisiúnta ina múintear iad. Mhol gach grúpa mac léinn na cúrsaí go hard. D'ardaigh

na baill fhoirne agus roinnt de na mic léinn ceisteanna faoin Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach. Dúirt an dá ghrúpa go raibh an Dioplóma an-mhaith agus moladh é bheith ar fáil saor ó tháille do mhic léinn agus d'fhoireann COC. Chuirfeadh seo go mór le líon na ndaoine a thógfadh an cúrsa. Chomh maith leis sin mheas na mic léinn gur chóir an Dioplóma a bheith ar fáil i dteannta céime lánaimseartha.

*Moladh 4*

> **Go n-íocfadh COC táillí d'aon bhall d'fhoireann na hOllscoile a thógann cúrsa san Ionad. Molaimid don Ionad an Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach a chur ar fáil gan táille do mhic léinn atá cláraithe go lánaimseartha san Ollscoil agus go bhféadfaidís an Dioplóma sin a dhéanamh comhthreomhar leis an ngnáthchéim.**

I dteannta leis an Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach creideann an Coiste go bhfuil gá le hArd-Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach. Measaimid go mbeadh an-éileamh ar a leithéid, ach go háirithe anois agus Acht na dTeangacha ag teacht i bhfeidhm.
B'éigean a leithéid de chéim a bheith faoi choimirce Roinn na Nua-Ghaeilge. Creideann an Coiste go bhféadfadh an tIonad a leithéid de chúrsa a chur ar fáil faoi stiúir Roinn na Nua-Ghaeilge agus i bpáirt léi.

*Moladh 5*

> **Go raghfar i gcomhairle leis na daoine cuí (Roinn na Nua-Ghaeilge, Déan na nEalaíon) féachaint an bhféadfaí Ard-Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach a bhunú san Ionad.**

**Gníomhaíochtaí Proifisiúnta**

Ó bunaíodh é tá an tIonad ag soláthar seirbhísí proifisiúnta do ranna agus Aonaid i COC agus lasmuigh. Ar na seirbhísí seo tá aistriúchán, taighde, traenáil, agus comhairliú. Go dtí go n-éileofar praghas réadúil ar an obair seo, ní bheidh meas uirthi. Measann an Coiste go bhfuil sé in am don Ionad fiacha proifisiúnta a ghearradh ar na seirbhísí seo. Rachaidh méadú ar éileamh na seirbhísí seo, agus toisc nach cuid de chúram traidisiúnta

na hOllscoile iad, ba chóir don Ionad smaoineamh ar Chomhlucht Ollscoile a bhunú chun na seirbhísí a riar agus a sholáthar.

*Moladh 6*

> **Molaimid gur chóir don Ionad scrúdú a dhéanamh ar chostasú a gcuid seirbhísí. Is gá don Ionad smaoineamh ar na struchtúir is oiriúnaí ar mhaithe le seachadadh seirbhísí nach de chúram roinn ollscoile iad go traidisiúnta. Ar chóir comhlacht príobháideach a bhunú?**

**Gaeltachtaí Chorca Dhuibhne agus Bhaile Bhúirne**

Is é Corca Dhuibhne an Ghaeltacht is mó sa Mhumhain faoi láthair. Tá raon leathan gníomhaíochtaí á sholáthar ag an Ionad i nDún Chíomháin, i gceartlár na Gaeltachta. Ar mhaithe le mic léinn agus le foireann COC formhór na ngníomhaíochtaí seo. Is cóir do COC leanúint leis an tacaíocht a thugann sí do Phobal na Gaeltachta agus cur leis an tacaíocht sin nuair is féidir. Tá áthas orainn a chlos go mbeidh an tsaotharlann ríomhaireachta nua i nDún Chíomháin ar fáil don phobal le haghaidh traenála sa ríomhaireacht. Tá plean ag Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne (CFCD) leathnú mór a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí traenála agus cultúrtha i bhfoirgneamh nua gar do Bhaile an Fheirtéaraigh. Feictear dúinne gur an-seans é seo do COC a gcúramaí cianteagaisc a dhíriú ar an nGaeltacht agus ar lucht na Gaeilge. Ba chóir é seo a dhéanamh i bpáirt le CFCD.

I bhfianaise an ghanntanais airgid atá ann fé láthair, ní léir dúinn go mbeidh an t-airgead ar fáil sa ghearrthéarma don infheistíocht is gá chun Coláiste Íosagáin i mBaile Bhúirne a chur ar bhonn réadúil mar aonad Ollscolaíochta.

*Moladh 7*

> **Molaimid don Ionad smaoineamh láithreach ar conas is féidir úsáid níos leithne a bhaint as Dún Chíomháin ar mhaithe le muintir na háite agus gluaiseacht na Gaeilge. Ba chóir é seo a dhéanamh i bpáirt le Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne**.

**COC**

Le teacht Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) beidh ualach nach beag breise oibre ar COC chun úsáid na Gaeilge a shnaidhmeadh isteach ina ngnóthaí ar fad. Tá an t-ádh ar COC go bhfuil Ionad na Gaeilge Labhartha ann agus go bhfuil an taithí agus an cumas ann chun an obair seo a dhéanamh. Ní foláir a aithint go bhfuil impleachtaí ag leanúint na hoibre breise seo agus go mbeidh maoiniú breise ag teastáil ón Ionad dá réir.

*Moladh 8*

> **Molaimid d'údaráis COC dul i gcomhairle láithreach leis an Ionad le straitéis fhadtéarmach a chur le chéile chun deileáil leis na cúramaí breise a leanfaidh Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003).**

**Bord na Gaeilge**

Is é Bord na Gaeilge an t-aonad statúideach a bhfuil sé de chúram air gníomhaíochtaí Gaeilge a chur chun cinn i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Braitheann an Bord cuid mhór ar an Ionad chun na polasaithe a chur i gcrích. Níl an gaol idir an Bord agus an tIonad soiléir. Feicimid ná bíonn i dtuairisc bhliantúil an Bhoird ach tuairisc ar ghníomhaíochtaí an Ionaid féin. Sé tuairim an Phiarghrúpa gur chomhair roinnt de ghníomhaíochtaí an Ionaid a chur chun cinn go neamhspleách ar an mBord. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an ngaol idir an Bord agus an tIonad.

*Moladh 9*

**Go ndéanfaí athbhreithniú, leasú, agus forbairt (más gá) ar pholasaí Gaeilge na hOllscoile, go háirithe chun an gaol idir an tIonad agus Bord na Gaeilge a shoiléiriú.**

# <u>Clár ama do Chuairt an Phiarghrúpa Athbhreithnithe (PGA)</u>

## <u>Ionad na Gaeilge Labhartha</u>

***Dé Luain 8 Nollaig 2003***

18.00 Cruinniú de bhaill an Phiarghrúpa Athbhreithnithe
Miontreoir le tabhairt ag Stiúrthóir an Aonaid um Athbhreithniú Feabhais, COC, Dr. N. Ryan.
Deánfaidh an Grúpa an sceideal déanach oibre a chomhaontú agus dáilfear cúraimí don chéad 2 lá eile.
Malartófar tuairimí agus sainaithneofar réimsí atá le sonrú nó le fiosrú.

Ionad: Suite 1, Lárionad Gnó, Ostán Kingsley, Crosaire Victeoiria, Corcaigh

20.00 Dinnéar do bhaill an Phiarghrúpa Athbhreithnithe agus do bhaill den choiste comhordanaithe

***Dé Máirt 9 Nollaig 2003***

08.30 Tionól an Phiarghrúpa Athbhreithnithe i Seomra an Túir 1, Sciathán Thuaidh

09.00 Aitheasc Stiúrthóir IGL, COC, Pól Ruiséal, Uas.

09.30 Áireamh na Tuairisce Féinmheasúnaithe agus roinnt ionchur eile mar aon le cruinniú le gach duine d'fhoireann an Ionaid lena n-áirítear foireann riaracháin agus foireann tacaíochta

10.30 Tae/Caife don PGA is d'fhoireann uilig IGL

11.00 Cruinnithe le baill fhoirne aonair d'fhoireann IGL, COC. Mairfidh na cruinnithe aonair ar feadh 10 nóiméad an ceann.

11.00 Ann Ní Ghadhra
11.15 Claire Ní Mhuirthile
11.30 Rós Ní Dhubhda
11.45 Gobnait Ní Loingsigh
12.00 Seán Ó Laoi
12.15 Marian Ní Shúilliobháin
12.30 Dr. Ciarán Dawson

13.00 Lón príobháideach oibre do bhaill an Phiarghrúpa Athbhreithnithe

14.00 Michael Kelleher, Uas., Rúnaí agus Sparánaí /VP um Riarachán agus Airgeadas

14.30 Cuairt go dtí an tIonad Cónaithe i mBrú na Laoi. Beidh an PGA á thionlacan ag Pól Ruiséal, Uas., agus Dr. Ciarán Dawson (IGL)

Cruinnithe le scata mac léinn as réimsí difriúla d'fhonn samplaí d'obair IGL, COC, a léiriú

15.00 Mic léinn Fhochéime (CDG, ATO)

Aoife Ní Gheannáin
Alice Phelan
Barra Ó Cearna

15.15 Mic léinn Fhochéime (GA1120)

Etchegoyhen, Maylis
Graham Eilís

15.30 Cúrsaí i scileanna

Noelle agus Gordon Ó Céadagáin (ríomhaireacht)
Gearóidín de Buitléir (ríomhaireacht)
Julie-Anne de Róiste (iriseoireacht)
Paula Ní Shíocháin (iriseoireacht)

16:00 An tIonad Cónaithe Gaeilge

Frank Milling
Tríona de Faoite
Sinéad Garnett
Tomás Óg Ó Céilleachair (Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn, COC)
Gearóid Breathnach (Reachtaire na Cuallachta)
Marc Ó Donnagáin (Iar-reachtaire na Cuallachta)
Gillian Nic Oitir (Reachtaire an Chumainn Drámaíochta)

16:40 Sos Tae/Caife

16:55 GA1040 & GA1050

Dónall Ó Ceallaigh (GA1040)
Eilís Uí Bhriain (GA1040)
Niamh Ní Mhaoláin (GA1050)
Seán Ó Céilleachair **(**GA1050**)**

17:15 Ranganna Oíche agus Foirne

Olivia Fitzpatrick (rang foirne Sheáin Uí Laoi)
Caroline O'Donnell (rang Sheáin Uí Laoi)
Catriona Martin (rang Chiaráin Dawson)
Kathy Glavanis (rang Chiaráin Dawson)
S. Ó Buachalla (rang oíche)

18.00 Cruinniú le hionadaithe leasmhara seachtracha áitiúla

Gearóid Ó Brosnacháin, Príomhfheidhmeannach Chomharchumann Bhaile an

Fheirtéaraigh
Micheál Ó Coileáin, Bord Sláinte an Deiscirt
Barra Ó Caoimh, Gael-Taca

19.00 Cruinniú den Phiarghrúpa Athbhreithnithe d'fhonn gnéithe a bheidh fanta ar an gclár a shoiléiriú, agus d'fhonn tasacanna a thabhairt chun críche don lá ina dhiaidh sin. Beidh dinnéar príobháideach oibre ann ina dhiaidh sin.

Ionad: Sraith Sheomraí 1, Lárionad Gnó, Ostán Kingsley, Corcaigh

***Dé Céadaoin 10 Nollaig 2003***

08.30 Tionól an Phiarghrúpa Athbhreithnithe i Seomra an Túir 1, Sciathán Thuaidh

08.30 Cuairt ar phríomhshaoráidí an Ionaid in Áras Uí Rathaille. Beidh Pól Ruiséal, Uas. agus Dr. Ciarán Dawson ag tionlacan an Phiarghrúpa Athbhreithnithe

09.30 An tOll. Áine Hyland, Leas-Uachtarán COC

10.00 Paul Ryan, Bainisteoir um Chaidreamh Fostaithe, Roinn na nAcmhainní Daonna, COC

10.15 An tOll. David Cox, Déan Dhámh na nEalaíon, COC

10.30 Caife/Tae

11.00 Seán Mac Aoire, Foras na Gaeilge

11.30 An tOll. Seán Ó Coileáin, Ceann Roinn na Nua-Ghaeilge, COC

11.50 Tony Perrott, Ceann Aonad na Seirbhísí Closamhairc

12.10 Donnchadh Ó hAodha, Cathaoirleach, Bord na Gaeilge COC

12.30 An Stiúrthóir Pól Ruiséal

13.00 Lón Oibre

14.00 Ullmhú an chéad dréachta den tuairisc dheireanach

17.00 Cur i láthair déanach ann le déanamh os comhair gach duine d'fhoireann IGL ag Cathaoirleach an Phiarghrúpa Athbhreithnithe nó ag ball eile den Phiarghrúpa Athbhreithnithe faoi mar a socraíodh, ag déanamh achoimre ar bhunchinntí an Phiarghrúpa Athbhreithnithe.

Beidh gloine fíona do chách ina dhiaidh sin

Ionad: An Seomra Caidrimh, Áras Uí Rathaille

19.00 Dinnéar príobháideach oibre do bhaill den Phiarghrúpa Athbhreithnithe d'fhonn dréachtú na tuairisce agus socruithe a chríochnú ionas go mbeidh an tuairisc dhéanach curtha le chéile agus curtha isteach go pras.

Ionad:  Suite 1, Lárionad Gnó, Ostán Kingsley, Corcaigh

***Déardaoin 11 Nollaig 2003***

Fágtar slán leis an ngrúpa eachtrach